



*Rewarding Learning*

**ADVANCED**

**General Certificate of Education**

**2019**

---

# Stair

Aonad Measúnaithe A2 2  
Imscrúduithe agus Léirmhínithe ar an Stair



**[AHY21]**

**DÉ CÉADAOIN 12 MEITHEAMH, IARNÓIN**

---

**AM**

2 uair 30 nóiméad.

## **TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo. Freagair trí cheist as do rogha. Freagair Ceist 1, Ceist 2 agus **ceachtar acu** Ceist 3(a) nó 3(b). Níl ach **Rogha 4** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar. Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

## **EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.  
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 3.

## Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

Freagair Ceistanna 1 agus 2 agus ceachtar acu Ceist 3(a) nó 3(b).

Léigh na foinsí agus freagair na ceistanna a leanann:

### Na Cúiseanna le Cogadh Cathartha na hÉireann 1922–1923

#### Foinse 1

Sliocht as óráid a thug Cathal Brugha, Aire Cosanta, le linn díospóireacht sa Dáil ar an Chonradh Angla-Éireannach, 7 Eanáir 1922.

Thagair an tUasal Ó Gríofa don difríocht idir an Conradh seo dá chuid agus an ceann eile atá againn, Cáipéis Uimhir 2, mar rud gan tábhacht; ach fós féin deir Rialtas Shasana go rachaidh sé chun cogaidh mar gheall ar an rud gan tábhacht seo. Domsa, is ionann é agus an difear idir uisce a ól agus nimh a ól. Dá mbeinn le glacadh leis an Chonradh seo, bheinn ag tacú le scrios an náisiúin againn. Bheadh rud á dhéanamh againn den chéad uair, rud nár smaoinigh glúin ar bith in Éirinn a dhéanamh riamh roimhe – muidne ag admháil go deonach gur géillsinigh na Breataine atá ionainn, agus mionn dílseachta a thabhairt do rí Shasana.

#### Foinse 2

Sliocht as óráid a thug Winston Churchill os comhair Theach na dTeachtaí, 26 Meitheamh 1922. Bhí Churchill ina Rúnaí Coilíneachta i Rialtas na Breataine.

Nuair a shínigh muid an Conradh Angla-Éireannach, bhí gach fáth againn a chreidiúint go raibh na sínitheoirí Éireannacha ionadaíoch ar thuairim mhórchuid na Dála agus chomh-aireacht aontaithe Shinn Féin. Ach fuair muid amach nár éirigh leis an Chonradh sa Dáil ach le seacht vóta. Mar sin, chuir muid ina luí ar an Rialtas Shealadach an tábhacht a bhaineann le toghchán. Rinne an tUasal de Valera, agus é eolach gur chuid de mhionlach é, rinne sé iarracht bac a chur ar a leithéid de thoghchán. Is sárú ollmhór agus dúshlán don Chonradh é forghabháil fhoréigineach na gCeithre Cúirteanna ag fir a thugann Coiste Feidhmiúcháin na Poblachta orthu féin. Tá an t-am ann le hiarraidh ar Pharlaimint na hÉireann láithreach deireadh a chur lena leithéid d'fhoréigean.

#### 1 (a) Bain úsáid as Foinse 1 agus Foinse 2 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé acu de na foinsí a bheadh ar an cheann is luachmhaire do staraí mar fhianaise i staidéar ar na cúiseanna le Cogadh Cathartha na hÉireann? [15]

#### (b) Bain úsáid as Foinse 1 agus Foinse 2 agus fianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.

Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gurbh iad easaontais taobh istigh de Shinn Féin ba chúis le Cogadh Cathartha na hÉireann? [20]

## Na Cúiseanna le hÉirí Amach na Cásca 1916

### Léirmhíniú A

Sliocht as *The Seven: The Lives and Legacies of the Founding Fathers of the Irish Republic*, le R.D. Edwards, arna fhoilsiú in 2016.

Thug óráid Mhic Réamainn ag An Droichead Adhmaid i Meán Fómhair 1914 an deis do náisiúnaithe míleatacha an scoilt taobh istigh d'Óglaigh na hÉireann a bhí á beartú acu cheana féin a chur i bhfeidhm. Ó 1915 i leith bhí smaointe réabhlóideacha Phádraig Mhic Piarais ag dul i méid agus d'éirigh a chuid óráidí agus saothar scríofa níos antoiscí agus níos antoiscí arís. Bhí a chreideamh i gcirte mhorálta na cúise aige ar cheann de na príomhghnéithe de thraidisiún náisiúnach na hÉireann den fhórsa fhisiciúil, rud a bhí ag dul siar ar feadh na ndeicheanna de bhlianta. Bhí sé i gceist ag Ó Cléirigh úsáid a bhaint as sochraid Uí Dhonnabháin Rosa in 1915 lena léiriú go raibh glúin úr de Phoblachtaigh réidh le hiad féin a íobairt. Thug Mac Piarais an phríomhóráid ag an tsochraid. Ba phleanálaithe míleata amaitéarachacha iad Mac Piarais, Mac Donnchadha agus Pluincéid, ach chreid Mac Piarais go raibh íobairt na fola i bhfad níos tábhachtaí ná rath míleata. Bhí Ó Conghaile chomh soineanta céanna leis an chuid eile de Chomhairle Mhíleata Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann maidir le hÉirí Amach a phleanáil. Buillí millteanacha a bhí i bhfreasordú Mhic Néill, gabháil Mhic Easmainn agus cailleadh an Aud, ach ina ainneoin sin d'éiligh Ó Cléirigh go leanfadh an tÉirí Amach ar aghaidh. Chuir an seachtar ceannairí tús le réabhlóid nach raibh ach beagán tacaíochta faoina coinne i measc an phobail.

### Léirmhíniú B

Sliocht as *The Easter Rising*, le M.T. Foy agus B. Barton, arna fhoilsiú in 2011.

Chuir diúltú na hOifige Cogaidh glacadh le comhairle Mhic Réamainn fearg ar go leor náisiúnaithe. Thosaigh pleananna Bhráithreachas Phoblacht na hÉireann le hÉirí Amach a raibh straitéis mhíleata, airm agus fir de dhíth air, a reáchtáil i Lúnasa 1914 nuair a bheartaigh a Ardchomhairle éirí amach roimh dheireadh an chogaidh. B'fhir liteartha iad Mac Piarais, Mac Donnchadha agus Pluincéid a raibh a gcuid scríbhneoireachta lán de shiombalachas reiligiúnach, ach ba iad Ó Cléirigh agus Mac Diarmada na príomhdhaoine, ar fhir iontach praiticiúil agus stuama iad, ba mhó a threoraigh na pleananna réabhlóideacha. Bhí pleananna na Comhairle Míleata dearfach, leanúnach agus dírithe ar bhua míleata a bhaint amach. In 1916, bhunaigh an Chomhairle Mhíleata comhghuaillíocht leis an tsóisialaí Séamas Ó Conghaile, a bhunaigh Arm Cathartha na hÉireann. Bhí na pleananna forbartha go mór faoi dheireadh Eanáir 1916. Bhí súil ag an Chomhairle Mhíleata go mbeadh cabhlach na Gearmáine ábalta cosc a chur ar thrúpaí ag teacht ón Bhreatain agus go spreagfadh teacht i dtír armlón agus gunnaí Gearmánacha, éirí amach an phobail ina mbeadh líonta móra de shibhialtaigh dhíograiseacha ag dul i bpáirt le hÓglaigh na hÉireann.

## 2 Déan staidéar ar Léirmhíniú A agus ar Léirmhíniú B.

Na léirmhínithe agus do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid, cé acu ceann de na léirmhínithe difriúla seo ar na cúiseanna le hÉirí Amach na Cásca is inchreidte, dar leat?

[25]

3 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

**Ceachtar acu**

- (a) “Bhí cúis níos mó ag Craig le bheith sásta le toradh ghéarchéim an Rialtais Dúchais faoi Mheán Fómhair 1914 ná mar a bhí ag Carson, Bonar Law, Asquith nó Mac Réamainn.” Cé chomh mór agus a ghlacfa leis an bhreithiúnas seo? [20]

**Nó**

- (b) Cé chomh rathúil agus a dhéileáil rialtas James Craig leis na dúshláin a bhí roimh Thuaisceart Éireann idir 1921 agus 1925 ? [20]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

## Sources

Option 4: Interpretation A, © The Seven: The Lives and Legacies of the Founding Fathers of the Irish Republic by R. D. Edwards (ISBN: 9781780748658) Published by Oneworld Publications, 2016

Option 4: Interpretation B, © The Easter Rising by M. T. Foy and B. Barton. (ISBN: 9780752457031) Published by The History Press, 2011





Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.